# Foirm DE3 2024

**Iarratas chuig na Coimisinéirí Ioncaim ó dhuine aonair atá ag fáil íocaíochta faoin Scéim Íocaíochta Institiúidí Máithreacha agus Naíonán go n-íocfaí ús taisce gan CCÚT a asbhaint**

**Féach ar na nótaí míniúcháin lastall roimh an bhfoirm seo a chomhlánú**

Ainm Iomlán an Iarratasóra:

UPSP / Uimhir Tagartha Cánach Uimhir

Seoladh

Eircode

## Sonraí an Céile nó an Pháirtnéara Shibhialta (nuair is cuí)

Ainm Iomlán an Chéile nó an Pháirtnéara Shibhialta

UPSP

## Institiúid Airgeadais

Ainm na hInstitiúide Airgeadais

Ainm & Seoladh an Bhrainse / na hOifige

Eircode (más eol é)

**Sonraí Cuntais** (Banc, Cumann Foirgníochta, Comhar Creidmheasa nó Banc Taisce Oifig an Phoist)

Uimhir Cuntais / Ballraíochta (Comhar Creidmheasa)

Ainm / AInmneacha Shealbhóir / Shealbhóirí an Chuntais

BIC (11 charachtar ar a mhéad)

IBAN (34 charachtar ar a mhéad)

## Dearbhú (cuir tic sna boscaí cuí i.e., bosca 1 agus ceann de bhosca 2 nó de bhosca 3)

1. Dearbhaím (dearbhaíonn muid) go bhfuil mé (go bhfuil muid) i dteideal tairbhiúil an leasa i leith an chuntais thuas)

**agus**

2. Dearbhaím (dearbhaíonn muid) go bhfuil an t-airgead a thaisctear sa chuntas seo bainteach le híocaíocht ginearálta a rinneadh faoin Acht fán Scéim Íocaíochta Institiúidí Máithreacha agus Naíonán amháin

**nó**

3. Dearbhaím (dearbhaíonn muid) go bhfuil an t-airgead a thaisctear sa chuntas seo bainteach le híocaíocht ginearálta agus Íocaíocht a bhaineann leis an obair a rinneadh faoin Acht fán Scéim Íocaíochta Institiúidí Máithreacha agus Naíonán amháin

**Síniú an Iarratasóra^** **Cáil**

**Síniú an Chéile nó an Pháirtnéara Shibhialta** **Dáta** L L / M M / B B B B

**(más cuí)**

^Ní mór an dearbhú seo a bheith sínithe ag sealbhóir an chuntais (agus ag céile nó páirtnéir sibhialta más comhchuntas é).

# Féach ar na nótaí míniúcháin lastall roimh an bhfoirm seo a chomhlánú

Ba chóir duit an fhoirm seo a chomhlánú má tá íocaíocht ghinearálta, agus íocaíocht a bhaineann leis an obair más infheidhme, á fáil agat faoin Scéim Íocaíochta Institiúidí Máithreacha agus Naíonán agus más mian leat iarratas a dhéanamh go n-íocfaí d'ús taisce a thuilltear ar an airgead a taisceadh leat gan CCÚT a asbhaint.

**Baineann an díolúine ó CCÚT le hús taisce a thuilltear ar thaisce airgead na Scéime Íocaíochta Institiúidí Máithreacha agus Naíonán amháin.** Dá réir sin, beidh gá le cuntas ar leith a oscailt chun an t-airgead a fhaightear ó Scéim Íocaíochta Institiúidí Máithreacha agus Naíonán a choinneáil. Ní bheidh feidhm ag an díolúine ó CCÚT má taisceadh an t-airgead a fuarthas faoi Scéim Íocaíochta Institiúidí Máithreacha agus Naíonán le hairgead eile.

Ba chóir foirm ar leith a chomhlánú maidir le gach cuntas a osclaíodh leis an airgead a fuarthas ó Scéim Íocaíochta Institiúidí Máithreacha agus Naíonán.

Má tá údarás ag tríú páirtí (amhail gaol) do chuntas bainc a oibriú thar do cheann, beidh tú fós i dteideal na díolúine CCÚT, ar choinníoll nach mbeidh tionchar acu ar úinéireacht thairbhiúil do chuntais.

Chun iarratas a dhéanamh ar an díolúine CCÚT, comhlánaigh an fhoirm lastall agus seol ar ais í chuig d'oifig áitiúil de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim **seol ar ais í chuig d'oifig áitiúil de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim** , agus féadtar a seoladh a fháil trí **Déan teagmháil linn** ar **www.revenue.ie**.

**Tá foirm ar leith ag teastáil le haghaidh gach cuntais a d'oscail** tú (agus do chéile nó do pháirtnéir sibhialta más infheidhme) leis an airgead a fhaightear ó Scéim Íocaíochta Institiúidí Máithreacha agus Naíonán.

Ní cháilíonn comhchuntais don díolúine ach amháin sa chás gur lánúin phósta nó páirtnéirí sibhialta an bheirt sealbhóirí cuntais.

Má scoireann do chuntas de bheith incháilithe don díolúine CCÚT maidir leis an ús taisce a thuilltear ar an airgead a fuarthas ón Scéim Íocaíochta Institiúidí Máithreacha agus Naíonán, tá dualgas ort na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar an eolas láithreach.

Coir atá ann dearbhú bréagach a thabhairt.

Is foirm í seo atá údaraithe ag na Coimisinéirí Ioncaim.

### An Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro (SEPA)

Go hiondúil bíonn Uimhreacha Idirnáisiúnta Chuntas Bainc (UICB) agus Cóid Aitheantais Bainc (CAB) ar fáil ar do ráitis chuntais bainc. Féadtar tuilleadh eolais ar SEPA a fháil ar **www.revenue.ie**.

Ní fhéadtar aisíocaíocht a dhéanamh go díreach le cuntas bainc eachtrach nach bhfuil páirteach in SEPA.

### Tuilleadh Eolais

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar **www.revenue.ie**. Má theastaíonn soiléiriú nó cúnamh uait, déan teagmháil le d'oifig áitiúil de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, agus féadtar a huimhir fóin a fháil trí Déan teagmháil linn ar **www.revenue.ie** (nó san eolaire teileafóin).

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le heolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie**
Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach í sin a iarraidh.

Deartha ag Ionad Priontála na gCoimisinéirí Ioncaim

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs